
# SCREAMHUISCE:
## AN TAISCE FAOI CHEILT SEO AGAINNE



Is éard atá sa **Screamhuisce** ná an t-uisce ó bháisteach, ó aibhneacha agus ó leá sneachta atá cruinnithe faoin talamh – thar na mílte bliain, uaireanta! Síothlaíonn an t-uisce seo tríd an gcré agus cruinníonn sna gága agus sna spásanna atá san ithir, sa ghaineamh agus sa charraig. Tugtar **uiscígh** ar na spásanna seo ina stóráiltear an screamhuisce agus trínar féidir leis bogadh go mall. Is éard atá sa **mhaoschlár** ná teorainn faoin talamh idir dromchla na hithreach agus an áit a ndéanann an screamhuisce na spásanna idir dríodair agus gága sa charraig a thuile (nó a bhá!).

Tá an screamhuisce ar an bhfoinse fionnuisce is mó atá againn ar domhan, arb ionann é agus 97% d'fhionnuisce leachtach. In ainneoin go bhfuil i bhfad níos mó fionnuisce sna hoighearchaidhpeanna agus sna hoighearshruthanna, tá sé sin reoite agus ní féidir linn úsáid a bhaint as dá bharr! Ní fhaighimid ach 3% den fhionnuisce a bhfuil teacht againn air ó aibhneacha, ó lochanna agus ó bhogaigh. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag an screamhuisce i dtimthriall an uisce agus tá sé ina chuidiú chun aibhneacha a choinneáil ag sreabhadh agus plandaí a choinneáil ag fás le linn séasúir thirime, go háirithe sna háiteanna sin den domhan atá níos tuire. Tá sé ríthábhachtach chomh maith chun soláthairtí a chur ar fáil dúinn d'uisce óil, uisce tionsclaíochta agus uisce talmhaíochta – is é an screamhuisce an taisce faoi cheilt seo againne go fírinneach!




## An raibh a fhios agat?


Ó fhuaráin agus ón screamhuisce a fhaighimid **20%** d'uisce óil na hÉireann.

Bíonn a **trí nó a ceathair de laethanta** de dhíth leis an uisce seo a chóireáil, le go mbeidh sé sábháilte lena ól.

Is ó thoibreacha príobháideacha screamhuisce a fhaigheann thart ar **11%** de mhuintir na hÉireann a gcuid uisce.

## Truailliú screamhuisce:

Cé nach bhfuil sé chomh furasta céanna screamhuisce a thruailliú agus atá sé aibhneacha agus lochanna a thruailliú (mar go bhfuil sé i bhfolach faoin talamh), nuair a thruaillítear é, tógann sé na scórtha bliain don truailliú sin sruthú amach as an maoschlár. Bíonn an screamhuisce ag bogadh go han-mhall, agus ní féidir linn é a fheiceáil láithreach. Dá bhrí sin, in amanna imíonn cuid mhór ama sula mbíonn a fhios againn fiú go bhfuil sé truaillithe. Féadann screamhuisce truaillithe tionchar a imirt ar uisce óil, agus ar na haibhneacha, lochanna agus éiceachórais a sruthaíonn sé isteach iontu. Seo a leanas bealaí éagsúla a bhféadann screamhuisce éirí truaillithe:




**Éilliú ó thithe cónaithe** - táirgí glantacháin, seampúnna, cógais leighis, bealadh, olaí, srl. Féadtar ceimiceáin thocsaineacha a bheith iontu a shruthaítear síos draenacha agus ar aghaidh chun na timpeallachta.

**Baictéir** – is baictéir iad E. coli a fhaightear i bhfaecas daoine nó ainmhithe. Féadann siad dul isteach san uisce mar thoradh ar leathadh sciodair, beostoc ar féarach agus córais lochtacha séarachais.

**Ceimiceáin ó ghníomhaíocht daoine** – féadann ceimiceáin a shileann ó líonadh talún, lotnaidicídí agus leasacháin ó thailte feirme, chomh maith le sceitheadh ó dhabhcha peitriliam, sruthú isteach sna hithreacha agus córais uisce atá againn.

Ca Fe

**Eilimintí nádúrtha** – féadann eilimintí a fhaightear go nádúrtha tionchar a bheith acu ar an screamhuisce, mar chailciam, iarann agus sulfar.

## Cad is féidir leat a dhéanamh?

**Cad faoi thionscadal scoile a dhéanamh le tuilleadh a fháil amach faoin screamhuisce? An bhfuil aon toibreacha in aice láimhe?**

**Déan píosa beag taighde agus cuardaigh eolas maidir leis na foinsí truaillithe a d'fhéadfadh a bheith sa cheantar a bhfuil tú ann:**

- Dabhcha séarachais
- Leathadh sciodair ar an talamhs
- Stóráil ceimiceán
- Dabhcha stórála breosla
- Píopaí fuíolluisce atá á sceitheadh
- Táirgí glantacháin agus cúraim phearsanta ar scoil agus sa bhaile (cloígh le táirgí atá éiceabhách!)

**Scaip an scéal maidir le cé chomh tábhachtach is atá sé an screamhuisce – an taisce faoi cheilt atá againn – a chosaint!**

Green-Schools
An Taisce

UISCE ÉIREANN : IRISH WATER